An Teach Lóistín

Ba iníon la búistéir í *Mrs Mooney*.[i] Ba bhean í a bhaí breá ábalta rudaí a choinneáil fona fiacail: bean thiomanta a bhí inti. Phós sí maor a athar agus d'oscail siopa búistéara gar do Shráid Ghairdín an Tobair. A thúisce is a fuair a athair céile bás áfach, d'imigh an diabhail air. D'óladh sé, dhéanadh creach aran scipéid agus chuaigh i ndiaidh a chinn i bhfiacha. Ba bheag an mhaith é iallach a chur air séanadh an óil i bhfianaise an tsagairt: thosaíodh sé arís i gceann cúpla lá. Throideadh sé lana bhean os comhair na gcustaiméirí agus cheannaíodh drochfheoil, rud a mhill a ghnó. Rinne sé iarracht ara bhean le tua búistéara oíche amháin agus b'éigean di caitheamh na oíche i dtigh comharsan.

I ndiaidh na heachra sin, níor chuireadar fúthu fon díon céanna. Chuaigh sí fo bhráid an tsagairt agus fuair scaradh óna fhior la cúram na bpáistí aici féin uaidh. Ní thabharfadh sí airgead ná bia dhó ná ní ligfeadh sí dhó fon díon céanna léi; agus b'éigean dó glacadh la post mar bháille dá dheasca. Ba mheisceoir beag giobach cromshlinneánach é la haghaidh bhán agus la croiméal bán agus la mallaí bána crochta os cionn a shúile beaga, a bhádar liathdhearg; agus chaitheadh sé an lá ar fad ina shuí in oifig an mhaoir ag fanacht ar dhualgas oibre. Ba fhorránach mór mná í Mrs Mooney. Bhailigh sí an méad airgid a bhaí fágtha i ngnó na búistéireachta léi agus bhunaigh teach lóistín ar Shráid Hardwicke. Ba thurasóirí as Learpholl agus Oileán Mhanann agus, scaití, *artistes* asna hallaibh ceoil iad a lóistéirí gearrthéarmacha. Maidir lana lóistéirí fadtéarmacha, ba chléirigh asan chathair féin dóibh. Stiúradh sí an dteach go cliste, dian, daingean. Tuig sí cathain ligin cairde, cathain beith dian agus cathain fulaingt la rudaí. *The Madam* a thugadar na lóistéirí fadtéarma uile uirthi.

D'íocadaidís fir óga Mrs Mooney cúig scilling déag in aghaidh na seachtaine do bhia agus leaba (gan beoir ná leann dubh ag am dinnéir do chur san áireamh). Bha dúil acu sna rudaibh céannaibh, baí an tslí bheatha céanna acu go léir agus bádar an-mhór lena chéile dá bharr. Phléadaís seansanna roghanna an phobail sna rásaibh capall agus seansanna na gcapall nach rabh tóir orthu. Jack Mooney, mac an *Madam*, ar chléireach ag gníomhaire coimisiúin ar Shráid na Toinne é, baí sé de cháil air gur bhuachaill báire é. Baí gach aon gháirsiúlacht ar bharr a theanga aige mar a bheth ag saighdiúir: baí sé de nós aige teacht abhaile i gcroílár na hoíche. Bhíodh scéal grinn aige dá chairdibh i gcónaí agus baí eolas aige fo rud dealraitheach i dtólamh – is é sin, capall nó *artiste* a mbíodh gealladh faoi. Baí dorn maith aige i gceann troda freisin agus ghabhadh sé amhráin grinn. Ba mhinic a bhíodh tuidheacht la chéile i seomra caidrimh Mrs Mooney ag aghaidh an tí. Sheinnidís ceoltóirí an halla ceol dóibh; agus sheinneadh *Sheridan* válsaí agus polcaí agus réthionlacain. Chanadh Polly Mooney freisin, iníon an *Madam*. Ghabhadh sí:

> *I'm a ... naughty girl.*
> *You needn't sham:*
> *You know I am.*

Ba chailín seang naoi mbliana dhéag d'aois an Polly seo; baí gruaig mhín éadrom agus baí béal beag bruasach aici. Súile liatha la hoiread na fríde de dhath glas a bhádar aici. Baí nós aici caitheamh sracfhéachana in airde nuair a labhraíodh sí la daoine, rud a chuir cuma Maighdine Muire bige saoibhe uirthi. Chuir Mrs Mooney a hiníon ag obair mar chlóscríobhaí in oifig cheannaí arbhair ar dtús acht, toisc go dtugadh maor míchlúiteach cúirt uirthi dho iarraidh cead rá cúpla focal lena iníon, thug sí a hiníon abhaile arís agus chuir i mbun obair an tí. As siocair gurbh an-spleodrach Polly, ba é an rún a bhaí ann, tuidheacht gan srian arna firibh ógaibh do thabhairt di. Thairis sin, taitníonn sé la fearaibh nuair a bhíos bean óg ina measc. Ar ndóigh, dhéanadh Polly spallaíocht lasna fir óga, acht baí a fhios ag Mrs Mooney, arbh mheastóir maith daoine í, nach rabh i gceist

agna fearaibh acht meilt an ama: ní rabh duine ar bith dhíobh dáiríre fúithi. Is amhlaidh a leanadar rudaí ar aghaidh ar feadh i bhfad agus thosaigh Mrs Mooney ag machnamh ar chur Polly ar ais ag obair mar chlóscríobhaí nuair a thug fo deara go rabh rud éigean ar siúl idir Polly agus duine dena fearaibh óga. Choimhéad sí aran bheirt díobh agus choinnigh a hintinn aici féin.

Baí a fhios ag Polly go rabh sí á coimhéad, acht fós ba bhreá shoiléir é céard ba bhrí la tost seasmhach a máthar. Ní dhearna an mháthair agus an iníon comhpháirteachas, comhar ná socrú, ní rabh tuiscint oscailte dá laghad eatarthu, acht fós, in ainneoin gur thosaíodar daoine sa tigh ag caint fon chaidreamh, níor chuir Mrs Mooney isteach air. D'éirigh Polly pas beag coimhthíoch agus ba léir go rabh faitíos aran fhior óg. Fo dheireadh, nuair a mheas sí go rabh an nóiméad ceart tagtha, rinne sí rud faoi. Chaitheadh sí le fadhbanna morálta mar a chaitheas tua búistéara la feoil: agus sa chás seo baí sé socair ina hintinn aici.

Maidin gheall thús an tsamhraidh a bhaí ann agus baí cosúlacht teasa uirthi acht baí leoithne láidir gaoithe ag séideadh. Baí gach aon fhuinneog sa tigh lóistín ar oscailt agus líonadar na cuirtíní lása i dtreo na sráide fonaibh saiseannaibh ardaibh. Bualadh clog *[Saint] George's Church*[ii] arís agus arís eile agus trasnaíodar a lucht freastail an cóngar bóithre osa chomhair ina ngúpaibh agus ina n-aonar. Ba léir a rún óna n-iompar stuama agus ónaibh leabharaibh beagaibh ina lámhaibh. Baí cuid na maidine thart sa tigh lóistín agus baí tábla an tseomra bricfeasta lán la plátaí a rabhadar stríoca buí uibhe agus ruainní beaga de shaill bhagúin agus de chraiceann bagúin orthu. Soiprigh Mrs Mooney í féin sa chathaoir uilleann tuí gur amhairc ar Mary agus ise ag bailiú na ngréithe bricfeasta. Ordaigh sí do Mary bailiú la chéile na gcrústaí agus an bhruscar aráin chun a gcurtha la harán ar bhainne Dé Máirt. Nuair a bhaí an bord glanta, an bruscar aráin bailithe, an siúcra agus an t-im curtha fo ghlas, tosaigh sí ag cuimhneamh siar aran agallamh a bhaí aici la Polly an oíche roimhe. Bádar rudaí faoi mar a mheas sí: níor chuir sí fiacail ina ceisteannaibh agus níor chuir Polly fiacail ina freagraibh. Baí beagán aiféaltais orthu beirt, ar ndóigh. Cuireadh aiféaltas uirthise óir níor mhaith léi go mbeth cuma ró-fhuarchroíoch uirthi agus í ag éisteacht lasan nuacht ná go síltí gur lig lenar tharla d'aon turas, agus cuireadh aiféaltas ar Polly ní amháin de bhrí go gcuiridís tagairtí dá leithéid aiféaltas uirthi i gcónaí, acht freisin óir níor mhaith léi go síltí gur thomhais, agus a soineanta, críonna is a bhaí sí, gur thomhais an rún taobh thiar de chaoinfhulaingt a máthar.

La dúchas, caith Mrs Mooney súil aran chlog bheag óraithe aran mhatal a thúisce is a mhothaigh sí trena machnamh gur stopadar cloig *George's Church* ag bualadh. Baí sé seacht nóiméad déag tar éis a haon déag: bheadh neart ama aici chun dul i ngleic la Mr Doran agus ansin beith in am d'Aifreann Gairid Mheán Lae ar Shráid Mhaoilbhríde. Ise a bhuafadh, baí sí cinnte dhe. Aran chéad-dul síos, baí tuairim an phobail ar fad léi: bá mháthair í a cuireadh la buile de dheasca na héagóra ara hiníon. D'fháiltigh sí isteach ina teach féin é, aran tuiscint gurbh fhear é a bhaí scrupall ann, agus is amhlaidh gur tháinig sé i dtír ara cineáltas. Baí seisean cheithre nó chúig bliana déag is fichid d'aois, mar sin ní leithscéal ar bith dhó baois na hóige ó tharla go rabh roinnt taithí aige aran tsaol. Tháinig sé i dtír ara óige is a bhaí Polly agus ara easpa cleachta aran tsaol, sin a bhaí faoi: ba shoiléir é. Ba í an cheist: cén cúiteamh a dhéanfadh sé?

Caithfear tabhairt cúitimh i gcásannaibh mar é. Is méanar don fhior: tig leis dul ara bhealach faoi mar nár tharla tada, i ndiaidh dó baint a sheal suilt, acht is í an cailín is mó a bhios thíos leis. Is leor la roinnt máthar réiteach an scéil la suim airgid; baí roinnt cásanna dá shórt ar eolas aici. Ní dhéanfadh sise amhlaidh áfach. Ní rabh ach aon chúiteamh amháin, dar léise, a d'íocfadh asan mhíchlú a tarraingíodh ara hiníon: pósadh.

Meas sí a cártaí go léir arís eile sular cuir sí Mary suas go seomra Mr Doran do rá leis gur mhian léi labhairt leis. Baí sí cinnte go mbuafadh sí. Fear stuama a bhaí ann, ní rabh sé ragairneach ná callánach mar a bhádar an chuid eile dhíobh. Dá mba Mr Sheridan ná Mr Meade ná Bantam Lyans a bhaí i gceist, bheadh obair níos déine aici. Níor dóigh léigh go dtugadh sé dúshlán bhéal an phobail.

Baí cur amach éigean agna lóistéiribh uile sa tigh fon chaidreamh; cumadh sonraí la cuid díobh. Ar aon nós, baí sé fostaithe ag oifig mhór Chaitliceach Cheannaí fíona la trí bliana déag anuas agus b’fhéidir go gcaillfeadh sé a phost dá dtéadh an scéal i mbéal an phobail. Dá ngéilleadh sé, seans go mbeadh gach aon rud ceart go leor áfach. Baí a fhios aici go rabh slí bheatha mhaith aige agus baí sí den tuairim go rabh roinnt airgid curtha i dtaisce aige.

Baí sé nach mór leathuair tar éis! Seas sí suas agus tug súil ghrinn uirthi féin sa scáthán piara. An dreach diongbháilte ara haghaidh mhór chíríneach, tug misneach di agus smaoinigh sí ar roinnt máithreacha ar aithne aici nár éirigh leo cur i gcrích a gcúram iníonacha.

Baí an-imní go deo ar Mr Doran an mhaidin Dé Domhnaigh seo. Rinne sé dhá iarracht ara bhearradh acht baí an oiread sin creathadh ina láimh is gurbh éigean dó éirigh as. Seas cluimhreach féasóige rua trí lá amach ara ghiall agus cruinnigh ceo ara spéaclaibh gach dhá nó trí nóiméad sa dóigh is go rabh air a mbaint de a ghlanadh la ciarsúr póca. Ábhar céasta aige ab eadh cuimhne na hoíche roimhe sin; tharraing an sagart gach uile shonra seafóideach den scéal de agus rinne chomh mór marfach dá pheaca agan deireadh go rabh sé buíoch den deis cúitimh a dheonaigh sé dhó. Baí an dochar déanta anois. Céard eile a d’fhéadadh sé déanamh anois acht a pósadh nó dul ara theitheadh? Ní fhéadfadh sé éirí thuas ara sháinn. Ba é ba dhóichí go mbeadh an scéal ina údar cainte agus níor mhó ná go bhfaigheadh a fhostóir gaoth dhe. Sin é a bhige is atá Áth Cliath: bíonn fios ag madraibh an bhaile fút. Éirigh a chroí ina bhéal agus é ag samhlú glór grágach Mr Leonard ag fógairt: ‘Cuir Mr Doran isteach chugam, lado thoil.’

A bhlianta fada seirbhíse go léir curtha ó mhaith! A dhlús oibre is a dhílseacht ar fad caite san aer! D’imir sé a bháire baoise agus é ina fhior óg, ar ndóigh; mhaígh sé as saoirse a hintinne agus shéan Dia lana chomrádaí sna tithibh tábhairne. Baí sé réidh lasan saol sin ar fad anois áfach... beagnach. Cheannaíodh cóip den *Reynold’s Newspaper* gach seachtain fós acht chomhlíonadh a dhualgais reiligiúnacha agus chaitheadh gnáthshaol naoi ndeichiú den bhliain. Baí dóthain airgid aige chun socruithe síos; níorbh í sin an fhadhb. Acht bheadh cor ina sróin aga mhuintir chuici. I dtosach báire, baí an t-athair míchlúiteach ann, agus ansin baí teach lóistín na máthar ag tosú ag tarraingt clú áirithe air féin. Chonacthas dó gur bualadh bob air. Samhlaigh sé a chairde ag caint fon eachtra agus ag gáire fúithi. Baí sí ábhairín comónta; scaití deireadh sí ‘*I seen*’ agus ‘*If I had’ve known*.’ Acht nach cuma fon ghramadach dá mbeth sé i ngrá léi dáiríre? Níor léir dó cé dhíobh ar cheart dó beith buíoch dhí nó ar buille léi mar gheall ara rinne sí. Ar ndóigh, bhaí a pháirt féin ann. Is éard a deir a nádúr is a dhúchas leis, fanacht saor, gan dul fo fháinne an phósta. Bíd do chosa nite a thúisce is a phósair, a deir a chroí.

Cnagann sí aran doras go dtéann isteach fad atá seisean ina shuí in éadóchas fo léine agus fo bhrístibh ar chiumhais na leapan. Eachtraíonn sí an tiomlán dó, gur admhaigh sí gach uile rud dá máthair agus go labhródh a máthair leisean an mhaidin sin. Bris a gol uirthi agus caith sí a lámha timpeall ara mhuineál, ag rá:

‘Ó Bob! Bob! Céard a dhéanfad? Céard a dhéanfad ar chor ar bith?’

Chuirfeadh sí lámh ina bás féin, a deir sí.

Dein sé tláithínteacht léi go lagmhisneach, ag rá léi gan a bheith ag gol, go mbeadh gach aon rud togh, nach rabh aon chúis imní dhi. Mothaigh sé crith a brollaigh trena léine.

Ní airsean ar fad an locht faoinar tharla. Baí cuimhne mhaithe aige: cuimhne fhiosrach fhoighneach an bhaitsiléara aran tionchar air agan chéad-teagmháil fhánach a rinne a gúna leis, aga hanáil, aga méaraibh. Ansin go déanach oíche amháin chnag sí go ciúin aran doras agus eisean ag baint de a chuid éidí dho dhul a chodladh. Is éard a bhaí uaithi, athlasadh a coinnle ina sheomrasa ó tharla gur

mhúch siota gaoithe í. Oíche a folctha a bhaí ann. Baí *combing-jacket* scaoilte déanta de fhlainín priontáilte á chaitheamh aici. Baí dealramh i ndroim a coise gile la feiceáil tre oscailt a slipéar clúmhach agus baí luisne a fola ina cneas cumhraithe. Baí boladh lag cumhráin asa lámhaibh freisin agus í ag coinneáil na coinnle socair.

Sna hoícheantaibh a thagadh sé abhaile go déanach, ba ise a théadh a dhinnéar dó. Is ar éigean féin a bhíodh a fhios aige céard a bhíodh á ithe aige agus sise amháin lana ais sa tigh mharbh. Agus a chineálta is a bhaí sí. Dá mbeth an oíche fuar nó fliuch nó gaofar ar dhóigh ar bith, bhíodh timbléar *punch* fona choinne. B’fhéidir go mbeidís sona la chéile...

Théidís suas staighre le chéile ag deireadh na hoíche ar bharraicíní na gcos, coinneal an duine acu, agus aran tríú léibheann d’fhágaidís slán lana chéile go drogallach. Thugaidís póg dá chéile. Ba chuimhin leis go grinn a súile, a lámh ina láimhse agus an rámhaille a bhíodh air...

Tránn rámhaille agus sceitimíní áfach. Dein sé aithris ara ráiteas siúd ós íseal, dá chur ina leith féin: ‘Céard a dhéanfad?’ Tug nádúr an bhaitsiléara fainic air coinneáil glan ó phósadh. Acht ba léir an peaca dhó; thug go fiú amháin a chiall aige féin d’oineach la fios dó nár mhór éiric do íoc ina leithéid de pheaca.

Fad is a bhaí sé ina shuí ar chiumhais na leapan, tagann Mary don doras do rá gur theastaigh ón *missus* labhairt leis sa pharlúr. Seas sé suas a chur a bhástchóta is a chóta air féin, é níos éidreoraí ná riamh. Nuair a bhí sé gléasta suas, táinig ionsuirthi dá cur ara suaimhneas. Beidh sé ceart go leor, ná bíodh buairt ort, a deir sé léi. Fág sé í ina dhiaidh aran leaba agus í ag gol agus ag éagaoin: ‘A Dhia!’

Éiríodar a spéaclaí chomh dallta la taisleach ag dul síos staighre dhó is gurbh éigean dó a mbaint dá nglanadh. Bhaí dúil dóite aige dul ar foluain san n-aer tresan díon agus eitilt leis go tír eile nach gcloisfeadh sé choíche fona sháinn inti, acht fós féin brú fórsa éigean síos staighre é céim ar chéim. Thíos faoi bhaí dreach dúr a fhostóra agus na Mná Uaisle á choimhéad. Buaileann sé la Jack Mooney agan chor dheireanach staighre agus eisean ag dul suas la dhá bhuidéal *Bass* ón chuile ina lámhaimh. Tugadar beannacht dá chéile go doicheallach; agus lonnaíodar súile an lánúin ar aghaidh righin *bulldog* agus ar lámhaibh giortacha téagartha ar feadh dhá mheandair. Tug sé súil in airde ag bun an staighre agus chonaic Jack ag dearcadh air ó dhoras an tseomra big léibhinn.

Buaileann cuimhne é den oíche a rinne duine dena ceoltóiribh halla ceoil, fear beag fionn as Londain, a rinne sé tagairt sách teanntásach do Polly. Dóbair nár thit an oíche airneáin asa chéile mar gheall ar fhoréigean Jack. Rinne gach aon duine iarracht chur foighne ann. D’fhan aoibh fhaiteach gháire aran cheoltóir, a rabh dath níos báine ná mar ba ghnách air, agus dúirt arís agus arís eile nár mheas aon dochar do dhéanamh: acht lean Jack air ag béiceadh as go gcuirfeadh sé a fhiacla lofa síos a scornach ar aon duine a shíleadh déanamh a leithéide d’ealaín lana dheirfiúr féin, dhéanfadh sé sin.

Fanann Polly ina suí ar cholbha na leapan ag gol. Ansin triomaigh sí a súile gur chuaigh anonn gosan scáthán. Tum sí binn an tuáille sa gcrúsca uisce dho thabhairt suaimhnis dá súilibh ón uisce fionnuar. Amhairc ar thaobh a cinn sa scáthán agus athshocraigh a biorán gruaige os cionn a cluaise. Ansin fill sí aran leaba agus suigh síos aga bun. Dearc arna ceannadhairteannaibh ar feadh achair fada. Tugadar uaireanta rúnda lácha chun cuimhne dhi. Lig sí baic a muiníl anuas aran ráille leapan iarainn fionnuair agus lig a smaointe ar fán. Ní rabh rian dá laghad buartha ina dreach níos mó.

Fan sí mar sin ag feitheamh, go soilbhir nach mór, gan imní gan scanradh uirthi. Géilleadar a cuimhní cinn do dhóchas asan tsaol amach roimpi agus do bhrionglóidibh aran todhchaí. Bádar a brionglóidí chomh domhain is nár nár fhaca sí na ceannadhairt ar lonnaíodar a súile orthu agus nár chuimhin léi céard leis a bhaí sí ag feitheamh. Fo dheireadh chuala sí a máthair ag glaoch uirthi. Éiríonn de phreab go ritheann gosna rungaí staighre.

‘Polly! Polly!’

‘Céard é, a mhamaí?’

‘Tar anuas, a stór. Ba mhaith la Mr Doran labhairt leat.’

Ansin cuimhnigh sí ar cad leis a rabh sí ag feitheamh.

i ***Mrs Mooney:*** Bean [Iníо]n Uí Maonaigh. Is é is dóchaí gurb as maon + ach a eascraíos an sloinne, mar leasainm ar dhuine balbh. Mar sin féin, dar la surnamedb.com is leasainm muirnéise é maonach, nó leasainm ar dhuine shaibhir (i. maoin).

ii ***[Saint] George's Church:*** seanteampall a bhain la hEaglais na hÉireann ar Shráid Hardwick (barr Shráid an Teampaill). Ní teampall níos mó an foirgneamh seo: díoladh é mar gheall ar cheall airgid chun a dheisithe.